# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2016

## STAIR – GNÁTHLEIBHÉAL

### RÉIMSE STAIDÉIR: AN NUA-AOIS DHÉANACH, 1815-1993

**Scrúdú scríofa: 400 marc**
**An Tuarascáil ar an Staidéar Taighde a seoladh isteach roimh ré: 100 marc**

## DÉ CÉADAOIN, 15 MEITHEAMH – TRÁTHNÓNA, 2.00-4.50

***Treoracha d'iarrthóirí:***
Freagair Ranna 1, 2 agus 3 istigh.

- **Roinn 1 (100 marc**)

Ceist dhoiciméad-bhunaithe (An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3)
Freagair gach cuid den roinn seo.

- **Roinn 2 (200 marc)**

Éire: Topaicí 1, 2, 3, 4, 5, 6.
Freagair ar dhá thopaic as an roinn seo.

- **Roinn 3 (100 marc**)

An Eoraip agus an domhan mór: Topaicí 1, 2, 4, 5, 6.
Freagair ar thopaic amháin as an roinn seo.



**[Thall**

## ROINN 1: CEIST DHOICIMÉAD-BHUNAITHE

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 3*

**Deachtóireacht agus daonlathas san Eoraip, 1920-1945**

Cás-staidéar lena mbaineann na doiciméid**:**
***Máirseáil Jarrow, Deireadh Fómhair 1936***

Déan staidéar ar na doiciméid thall agus freagair na ceisteanna thíos.

**1.** (a) Ó dhoiciméad A, cá gcodlaíodh na fir dá mbeadh an t-ádh orthu?
(b) De réir dhoiciméad A, cad a tharlaíodh ag 8.45 a.m.?
(c) Ó dhoiciméad B, cén leibhéal dífhostaíochta a bhí in Jarrow in 1934?
(d) Ó dhoiciméad B, cad a thug na máirseálaithe faoi deara agus iad ag druidim le Londain?
(e) De réir dhoiciméad B, conas a d'fhreagair an rialtas do mháirseálaithe Jarrow? (40)

**2.** (a) An bhfuil an dá dhoiciméad ar aon fhocal gur ghlac Ellen Wilkinson páirt sa mháirseáil go Londain? Bíodh tagairt agat don dá dhoiciméad i do fhreagra.
(b) Cé acu doiciméad, A nó B, a phléann leis na cúiseanna a bhí le máirseáil Jarrow? Mínigh do fhreagra agus tagairt agat don dá dhoiciméad. (20)

**3.** (a) Ó dhoiciméad A, ar fhan Ellen Wilkinson san iostas céanna leis na hoibrithe? Cuir fáth le do fhreagra.
(b) Cén fáth ar foinse thánaisteach é doiciméad B? (20)

**4.** Cén fáth a raibh mórán fadhbanna sóisialta agus eacnamaíochta sa Bhreatain le linn na 1930idí? (20)

## - Doiciméad A -

**Sa sliocht coimrithe seo, scríobhann Ellen Wilkinson, Feisire Parlaiminte do Jarrow, a ghlac páirt i Máirseáil Jarrow i mí Dheireadh Fómhair 1936, faoi ghnáthlá ar an máirseáil.**

Bhíodh an trampáil mórán mar an gcéanna lá i ndiaidh lae. An t-aon rud amháin a bhí tábhachtach ná an aimsir. Bhíodh na fir ina suí ag 6.30 a.m., agus bhíodh na cócairí ina suí roimhe sin chun an bricfeasta a ullmhú. Bhídís ar fad tar éis codladh le chéile ar chláir loma scoile nó halla druileála nó, ach an t-ádh a bheith orthu, ar thochtanna a bhí líonta le tuí.

Nuair a chodlaíonn fir ina gcuid éadaí, is deacair dóibh iad féin a choinneáil néata; ach éiríonn leo sin a dhéanamh. Bhearraidís iad féin gach uile lá. Thionóltaí an pharáid ag 8.45 a.m., agus gach rud pacáilte agus ullamh chun bóthair. Is ansin a théinn féin ina dteannta, tar éis dom glacadh le cibé aíocht a tairgeadh dom an oíche roimhe sin, go hiondúil i dteach rúnaí pháirtí an Lucht Oibre áitiúil.

Foinse: Ellen Wilkinson, *The Town That Was Murdered: the Life Story of Jarrow* (Londain: Victor Gollancz, 1939).

## - Doiciméad B -

**Pléann an sliocht coimrithe seo na cúinsí ba chúis le Máirseáil Jarrow i mí Dheireadh Fómhair 1936, chomh maith le freagairt an rialtais**.

Ó lár an naoú haois déag chuir an longthógáil in Jarrow fostaíocht ar fáil do thimpeall 10,000 fear. Mar thoradh ar an gcúlú eacnamaíochta, tháinig deireadh le horduithe i gcomhair long agus i 1934 dhún an *National Shipbuilding Security Ltd* an longchlós. D'fhág sé sin 67.8% den fhórsa oibre dífhostaithe.

I mí Dheireadh Fómhair 1936, d'eagraigh feisire parlaiminte Pháirtí an Lucht Oibre do Jarrow, Ellen Wilkinson, mar aon le roinnt daoine eile, Máirseáil Jarrow. Shiúil dhá chéad díobh siúd a bhí dífhostaithe go Londain, achar 291 míle, chun achainí a chur faoi bhráid na parlaiminte agus iad ag súil go ndéanfadh an rialtas rud éigin chun feabhas a chur ar chúrsaí in Jarrow.

Agus na máirseálaithe ag druidim le Londain, thug siad faoi deara cé chomh rachmasach agus a bhí an ceantar i gcomparáid le baile Jarrow. Rinneadh tuairisciú forleathan ar an máirseáil, go háirithe i nuachtán an *Daily Herald*, agus fuair sí cuid mhaith bá ón bpobal.

Mar sin féin, ní bhfuair na máirseálaithe aon dea-fhreagra ón rialtas. Dúradh leo gur chóir dóibh filleadh ar Jarrow agus obair a chuardach dóibh féin.

Foinse: David Taylor, *Mastering Economic and Social History* (Londain: Macmillan Press, Ltd., 1988).



**[Thall**

## ROINN 2: ÉIRE

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as dhá cheann de na topaicí thíos.**

*Éire: Topaic 1*

### Éire agus an tAontas, 1815-1870

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo d'fheachtas Uí Chonaill ar son Fhuascailt na gCaitliceach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Thosaigh líon mór mac léinn ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ag freastal ar chruinnithe Chompántas na gCaitliceach chun trasnáil agus cur isteach orthu.*

*Fuair Ó Conaill foirgneamh sa Mhalartán Arbhair ar Ché an Bhúrcaigh agus is ansin a tháinig sé ar réiteach trí thimpiste. Bhí an bealach isteach gar do sheastán na ngiollaí guail agus gheall na fir go rachaidís ar garda agus go gcaithfidís na mic léinn isteach sa Life dá ndéanfaidís iarracht trioblóid a tharraingt.*

*Bhí na seomraí sa Mhalartán Arbhair foirfe agus bhí áit mhór tionóil ann a bhféadfadh suas le míle duine cruinniú ann.*

*Sna blianta ina dhiaidh sin, bhíodh Ó Conaill ag rá, mar ghreann, go raibh an buíochas as fuascailt na gCaitliceach a bhaint amach tuillte ag giollaí guail Bhaile Átha Cliath.*

Foinse: Patrick M. Geoghegan, *King Dan: the Rise of Daniel O'Connell* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, 2008).

1. Cé a bhíodh ag cur isteach ar na cruinnithe?
2. Cá bhfuair Ó Conaill foirgneamh oiriúnach?
3. Conas a chuidigh na giollaí guail le hÓ Conaill?
4. Cén fáth ar ceapadh go raibh an foirgneamh oiriúnach do chruinnithe?
5. Go hachomair, cén tairbhe a bhain Caitlicigh na hÉireann as Fuascailt na gCaitliceach?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Tuath na hÉireann in 1815.
2. Tomás Dáibhis.
3. William Carleton.
4. Forbairt thionsclaíoch i mBéal Feirste.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a chuaigh Dónall Ó Conaill i mbun feachtais ar son Aisghairm Acht an Aontais agus cén fáth ar theip air?
2. Cad a rinne daoine príobháideacha agus grúpaí chun cabhrú le híospartaigh an Ghorta?
3. Cad iad na cinntí a comhaontaíodh ag Sionad Dhurlais in 1850?
4. Cad a chuir Charles Kickham agus/nó James Stephens leis an bhFíníneachas?

*Éire: Topaic 2*

**Gluaiseachtaí ar son leasú polaitíochta agus sóisialta, 1870-1914**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann an staraí Marcus de Búrca ar bhunús CLG in 1884. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Ar an 11 Nollaig 1884, beagnach sé seachtaine i ndiaidh an chruinnithe in Óstán Uí Aodha i nDurlas, ag ar bunaíodh Cumann Lúthchleas Gael (CLG), scríobh Micheál Ó Cíosóg chuig Charles Stewart Parnell, Micheál Mac Daibhéid agus chuig an Ardeaspag Cróc.*

*D'fhreagair gach duine den triúr laistigh de dheich lá. D'fhoilsigh trí cinn de nuachtáin na trí litir ina n-iomláine: in The Freeman's Journal ar oíche Nollag agus in United Ireland agus The Irishman araon ar an 27 Nollaig. Mar sin féin, ba í an litir ón Ardeaspag Cróc, a raibh breis agus 700 focal inti, a bhí chomh spreagúil sin gur tugadh áit lárnach di i leabhar rialacha oifigiúil CLG.*

Foinse: Marcus de Búrca, *Michael Cusack and the GAA* (Baile Átha Cliath: Anvil Books, 1989).

1. Cár bunaíodh CLG?
2. Cérbh iad an triúr ar scríobh Micheál Ó Cíosóg litreacha chucu i mí na Nollag 1884?
3. Cé mhéad duine a thug freagra ar litreacha Uí Chíosóg?
4. Cé chomh fada agus a bhí an litir a fuarthas ón Ardeaspag Cróc?
5. Luaigh fadhb amháin a bhí ag CLG sna blianta tosaigh.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Micheál Mac Daibhéid.
2. Leasuithe oideachais: scoileanna agus ollscoileanna.
3. Longchlóis Bhéal Feirste.
4. Edward Carson.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén toradh a bhí ar gach aon cheann de na holltoghcháin in 1885 agus 1886?
2. Conas a lorg Isabella Tod agus/nó Hanna Sheehy-Skeffington feabhsúcháin do mhná?
3. Cad a tharla i mBaile Átha Cliath le linn na stailce agus an fhrithdhúnta in 1913, agus cén tábhacht a bhí leis?
4. Conas a chuir Dubhghlas de hÍde agus/nó William Butler Yeats le saol cultúrtha na hÉireann?

*Éire: Topaic 3*

**Ar thóir an fhlaithis agus tionchar na críochdheighilte, 1912-1949**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo pléann an tOllamh Mary Daly gníomhaíochtaí Kathleen Lynn sna blianta roimh agus i ndiaidh 1916. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Rugadh Kathleen Lynn in aice le Cill Ala, Contae Mhaigh Eo. Bhí sí ar dhuine den chéad ghlúin ban in Éirinn a cháiligh mar dhochtúirí leighis. Le linn stailc agus fhrithdhúnadh 1913, d'oibrigh sí i Halla na Saoirse leis an gCuntaois Markievicz ag cur bia ar fáil do na teaghlaigh a bhí ag fáil bháis leis an ocras.*

*Nuair a bhí sí ag obair ansin bhí teagmháil aici le Séamas Ó Conghaile agus mar thoradh air sin chuaigh sí isteach in Arm Cathartha na hÉireann. Cheap Ó Conghaile í mar Phríomhoifigeach Leighis d'Arm Cathartha na hÉireann.*

*Le linn Éirí Amach na Cásca 1916, ceapadh Kathleen Lynn mar Leascheannasaí ar Halla na Saoirse. Tar éis an ghéillte, cuireadh i bPríosún Chill Mhaighneann í nó gur scaoileadh saor í in 1917. Nuair a atheagraíodh Sinn Féin in 1917, ceapadh Kathleen Lynn ina leasuachtarán.*

Foinse: An tOllamh Mary Daly, *The Rebel Commander who Founded a Hospital* (Baile Átha Cliath: alt san *Irish Independent*, an 29 Deireadh Fómhair, 2015).

1. Cén obair a rinne Kathleen Lynn le linn stailc agus fhrithdhúnadh 1913?
2. Cár bhuail Kathleen Lynn le Séamas Ó Conghaile?
3. Cén post san Arm Cathartha a thug Ó Conghaile do Kathleen Lynn?
4. Cén post a bhí ag Kathleen Lynn i Sinn Féin in 1917?
5. Cén bealach mór inar athraigh Éirí Amach na Cásca 1916 tuairimí polaitiúla?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Séamas Ó Conghaile.
2. Art Ó Gríofa.
3. Toghchán 1918.
4. An Páirtí Aontachtach i gcumhacht, 1920-1949.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén pháirt a ghlac Pádraig Mac Piarais in imeachtaí Sheachtain na Cásca, 1916?
2. Cé chomh tábhachtach agus a bhí Micheál Ó Coileáin le linn Chogadh na Saoirse, 1919-1921?
3. Conas a reáchtáil Éamon de Valera an caidreamh Angla-Éireannach idir 1932 agus 1945?
4. Cad iad na bealaí ina raibh tionchar ag an Dara Cogadh Domhanda ar Bhéal Feirste?

*Éire: Topaic 4*

**Diaspóra na hÉireann, 1840-1966**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Déantar plé sa sliocht coimrithe seo ar dhiaspóra na hÉireann sa Bhreatain sa naoú haois déag. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Faoi dheireadh an naoú haois déag, bhí diaspóra na hÉireann sa Bhreatain ina bpobal socraithe de bheagnach milliún duine i measc daonra tríocha milliún. Tharla sé seo de réir a chéile agus bhí roinnt cúiseanna leis.*

*Bhí formhór na nÉireannach a bhí ag saothrú pá ag tosú ar thairbhe a bhaint as na dálaí oibre sa Bhreatain, dálaí a bhí feabhsaithe i gcoitinne. Bhí an dearcadh garbh frith-Éireannach a bhí ann sna blianta go díreach i ndiaidh an ghorta imithe ar gcúl. Bhí an sruth seasta imirceach a bhí ag teacht chun na Breataine sna blianta i ndiaidh an ghorta imithe i léig agus, diaidh ar ndiaidh, bhí 'fadhb' na hÉireann, mar a thugtaí uirthi, ag éirí níos dofheicthe i measc mhórphobal na Breataine.*

*Cé go raibh amhras á léiriú fós i leith na nÉireannach in áiteanna áirithe, de réir a chéile bhíothas ag féachaint orthu mar chuid inghlactha de phobal na Breataine. Chuidigh an Eaglais Chaitliceach leis seo mar gur thóg sí mórán séipéal ina bhféadfadh na himircigh Éireannacha a gcreideamh a chleachtadh agus bualadh le hÉireannaigh eile.*

Foinse: Stephen Moore, *Gaelic Games and the Irish Diaspora* (tráchtas dochtúireachta neamhfhoilsithe, Ollscoil Uladh, 2010).

1. Cé mhéad Éireannach a bhí ina gcónaí sa Bhreatain faoi dheireadh an naoú haois déag?
2. Cén rud a raibh formhór na nÉireannach a bhí ag saothrú pá ag tosú ag baint tairbhe as?
3. Ar tháinig ardú nó laghdú ar an sruth d'imircigh Éireannacha a bhí ag dul chun na Breataine?
4. Conas a chuidigh an Eaglais Chaitliceach le diaspóra na hÉireann sa Bhreatain?
5. Cén fáth ar fhág an oiread sin Éireannach tír na hÉireann ó 1840 ar aghaidh?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. CLG agus diaspóra na hÉireann.
2. An tArdeaspag Daniel Mannix.
3. Imircigh Éireannacha sa Bhreatain, 1920-1966.
4. John F. Kennedy.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na dálaí a bhí le brath ag imircigh Éireannacha ag Grosse Isle?
2. Cad iad na bealaí inar chuir John Devoy le saol na nGael-Mheiriceánach?
3. Cad iad na fadhbanna a bhí ag misean an Spioraid Naoimh go dtí an Nigéir idir 1945 agus 1966?
4. Cad iad na bealaí a ndearna Maureen O'Hara agus/nó Paul O'Dwyer léiriú ar eispearas na nGael-Mheiriceánach?

*Éire: Topaic 5*

**An pholaitíocht agus an tsochaí i dTuaisceart Éireann, 1949-1993**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Taispeánann an chairt seo an fhéiniúlacht náisiúnta ba rogha le Protastúnaigh i dTuaisceart Éirinn le linn thréimhse 1968-1993. Déan staidéar air agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

**An Fhéiniúlacht Náisiúnta ba rogha le Protastúnaigh i dTuaisceart Éireann, 1968-1993 (%)**

| BLIAIN | BRIOTANACH | ÉIREANNACH | ULTACH | ÉIREANNACH TUAISCEARTACH | EILE |
|---|---|---|---|---|---|
| 1968 | 20 | 20 | 32 | ---- | 9 |
| 1978 | 67 | 8 | 20 | ---- | 5 |
| 1989 | 68 | 3 | 10 | 16 | 3 |
| 1991 | 66 | 2 | 15 | 14 | 3 |
| 1993 | 70 | 2 | 15 | 10 | 3 |

Foinse: Thomas Hennessy, *A History of Northern Ireland, 1920-1996* (Baile Átha Cliath: Gill and Macmillan, Ltd., 1997).

1. Cén bhliain inar fhéach Protastúnaigh orthu féin den chéad uair mar Éireannaigh Thuaisceartacha?
2. Go ginearálta, ar tháinig fás nó ísliú ar bhraistint na bPrótastúnach gurbh Éireannaigh iad in imeacht na mblianta? Mínigh do fhreagra.
3. Cén bhliain inar fhéach an líon ba mhó Protastúnach orthu féin mar Ultaigh?
4. Le linn na tréimhse 1968-1993, cén fhéiniúlacht náisiúnta ba rogha le formhór na bProtastúnach? Tabhair fáth le do fhreagra.
5. Go hachomair, cén tábhacht a bhain le Forógra Shráid Downing, 1993?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Titim Stormont.
2. Bernadette Devlin.
3. Ian Paisley.
4. Freagairtí cultúir do na "Trioblóidí".

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir Conn agus Patricia McCluskey le gluaiseacht na gCeart Sibhialta i dTuaisceart Éireann?
2. Conas a tharraing Printísigh Dhoire conspóid i dTuaisceart Éireann?
3. Cad iad na cúiseanna ar roghnaíodh Cúil Raithin, seachas Doire, mar shuíomh d'ollscoil nua i dTuaisceart Éireann?
4. Cén tionchar a bhí ag John Hume agus/nó Margaret Thatcher ar imeachtaí i dTuaisceart Éireann?

*Éire: Topaic 6*

**An rialtas, an geilleagar agus an tsochaí i bPoblacht na hÉireann, 1949-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo tugann Michael McInerney ón *Irish Times* (12/5/1971) a thuairim faoi Sheán Lemass. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

> *Bhain bealach deas réchúiseach le Lemass agus ba ghnách meangadh mealltach ar a bhéal. Ní raibh sé ar a shuaimhneas ag meascadh le daoine agus, sa mhéid sin, ní raibh an gean céanna ar dhaoine aige agus a bhí ag Dev.*
> *Bhí sé thar a bheith tapa chun smaoineamh a thuiscint, a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Fathach oibre a bhí ann, bhíodh sé ina oifig ag 8 a.m., d'oibríodh sé go dtí 6 p.m. agus ansin thugadh sé comhaid abhaile leis óna oifig.*

1. Conas a thugtar le tuiscint go raibh Lemass go deas mar dhuine?
2. Cén chaoi a raibh Lemass difriúil le de Valera ('Dev'), de réir an *Irish Times*?
3. Luaigh ceann de na láidreachtaí móra a bhí ag Lemass.
4. Conas a thaispeántar gur 'fathach oibre' ab ea Lemass?
5. Luaigh bealach amháin inar lorg Lemass dul chun cinn eacnamaíoch.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Athruithe san oideachas in Éirinn, 1949-1989.
2. Éire agus na Náisiúin Aontaithe.
3. Seán Ó Loingsigh (Jack Lynch).
4. Gearóid Mac Gearailt (Garret FitzGerald).

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad a chuir T. K. Whitaker le gnóthaí na hÉireann?
2. Conas a chuaigh ballraíocht na hÉireann i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa (CEE) i bhfeidhm ar iascach na hÉireann?
3. Cad iad na fadhbanna a tháinig chun cinn do Charles Haughey agus é ina Thaoiseach?
4. Cad iad na bealaí inar chuir Brendán Ó hEithir leis an gcultúr in Éirinn?

## ROINN 3: AN EORAIP AGUS AN DOMHAN MÓR

**Freagair na trí rannóg, A, B agus C, as ceann amháin de na topaicí thíos.**

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 1*

**An náisiúnachas agus foirmiú stát san Eoraip, 1815-1871**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Tagraíonn an sliocht coimrithe seo do roinnt iarrachtaí a rinne an rialtas leibhéal an bhunoideachais sa Bhreatain a fheabhsú. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*In 1833 thug an rialtas £20,000 san iomlán do na cumainn Anglacánacha agus Neamhaontacha chun cuidiú leo níos mó foirgneamh scoile a sholáthar. Méadaíodh an deontas seo go £30,000 in 1839, ar an gcoinníoll go mbunófaí coiste speisialta chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a gcaithfí an t-airgead.*

*In 1861 thuairiscigh Coimisiún Newcastle ar an mbunoideachas nach raibh formhór na ndaoine ábalta nuachtán a léamh ná litir a scríobh, cé go raibh duine as gach seachtar den daonra ag fáil roinnt oideachais. Chomh maith leis sin, mhol an coimisiún go mbraithfeadh íoc deontas le scoileanna agus íoc tuarastal múinteoirí ar cháilíocht na dtorthaí a bheadh ar scrúduithe na ndaltaí.*

*In 1862, thug Robert Lowe, ceannasaí na Roinne Oideachais, isteach scéim íocaíochta 'bunaithe ar thorthaí'. Bhí scoileanna níos éifeachtaí de bharr an chórais seo agus sábháladh airgead ach, ina theannta sin, tharla mórán dianfhoghlama dá bharr agus bhíodh liostaí fíricí á bhfoghlaim de ghlanmheabhair.*

Foinse: Norman Lowe, *Mastering Modern British History* (Londain: Macmillan Press, Teo., 1989).

1. In 1833 cad iad na cumainn a fuair deontais airgid ón rialtas?
2. Cén ról a bhí ag an gcoiste speisialta a bunaíodh in 1839?
3. Cad a thuairiscigh Coimisiún Newcastle maidir leis an leibhéal litearthachta i measc an daonra?
4. Cén córas a thug Robert Lowe isteach in 1862?
5. Luaigh bealach amháin ina raibh tionchar ag an ardú litearthachta ar an Eoraip.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Seirfeachas sa Rúis.
2. Giuseppe Mazzini.
3. Páras Haussmann.
4. Karl Marx.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cad iad na cúiseanna a bhí le Réabhlóid 1848 sa Ghearmáin?
2. Cad a chuir Victor Hugo le saol cultúrtha na Fraince?
3. Cad iad na dálaí oibre a bhí san eiseamláir de shráidbhaile pleanáilte ag Robert Owen in New Lanark?

4 Cad iad na hathruithe a thug Napoléon III isteach i bpolaitíocht na Fraince?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 2*

**Náisiúnstáit agus teannas idirnáisiúnta, 1871-1920**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tráchtann ambasadóir na Stát Aontaithe i mBeirlín, James Gerard, ar Sheirbhís Náisiúnta na mBan le linn an Chéad Chogadh Domhanda. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Ba í Seirbhís Náisiúnta na mBan, a raibh oifigí aici i mBeirlín, a dháil an fhóirithint a thug an stát do mhná céile agus do pháistí na saighdiúirí.*

*Bhí innéacsaí cártaí acu de na daoine ar fad sa cheantar agus dá gcuid riachtanas. Faoin am ar fhág mé an Ghearmáin bhí 7,000 bean páirteach i seirbhís shóisialta.*

*Theagasc siad do mhná céile na saighdiúirí an ealaín nua a bhain le cócaireacht gan bhainne, uibheacha ná saill. Chinntigh siad go raibh cion réasúnta de bhainne ag na páistí. Is mar thoradh ar a gcuid iarrachtaí a thit an ráta báis naíonán i mBeirlín le linn an chogaidh.*

Foinse: James Gerard, *My Four Years in Germany* (Nua-Eabhrac: Grossert & Dunlop, 1917).

1. Cé a dháil an fhóirithint?
2. Conas a bhain páistí tairbhe aisti?
3. Conas a thaispeántar go raibh dea-eagar ar Sheirbhís Náisiúnta na mBan?
4. Conas a d'athraigh modhanna cócaireachta le linn an chogaidh?
5. Luaigh cúis amháin a ndeachaigh na Stáit Aontaithe i mbun troda in aghaidh na Gearmáine sa Chéad Chogadh Domhanda.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Frith-Sheimíteachas sa Fhrainc agus sa Rúis.
2. Litríocht an Chéad Chogadh Domhanda.
3. Douglas Haig.
4. Rosa Luxemburg.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cé chomh rathúil agus a bhí polasaí eachtrach Bismarck?
2. Cad iad na príomhfhorbairtí a tharla i luathstair an ghluaisteáin?
3. Conas a chuir Marie Curie agus/nó muintir Krupp leis an eolaíocht/an teicneolaíocht?
4. Conas a rinne an Pápa Leo XIII iarracht an teannas sóisialta a mhaolú san Eoraip thionsclaíoch?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 4*

**Easaontas agus páirtíocht nua san Eoraip, 1945-1992**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo (*Irish Times*, 12/10/2012), déanann an tAthair Uinsionn Ó Tuama machnamh ar an Dara Comhairle Vatacánach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh.

*Is cuimhin liom fós an t-ionadh agus an sceitimíní a bhí ann i mí Eanáir 1961, nuair a d'fhógair an Pápa nuathofa, Eoin XXIII, go raibh an 21ú Comhairle Éacúiméineach san Eaglais Chaitliceach á tionól (á gairm) aige.*

*Bhí trí aidhm ag an gComhairle Vatacánach: athnuachan na hEaglaise, aontacht i measc Críostaithe, agus oscailteacht don domhan comhaimseartha.*

*Ní raibh an Dara Comhairle Vatacánach cosúil le haon chomhairle eile. Bhí an líon easpag ba mhó riamh i láthair aici: 2,300 ó gach ilchríoch agus ó gach náisiún nach mór. Ba í an chéad chomhairle í a raibh breathnóirí oifigiúla ó eaglaisí Críostaí eile i láthair aici.*

1. Cathain a gaireadh an Dara Comhairle Vatacánach agus cé a ghair í?
2. Cén feabhas ar an Eaglais Chaitliceach a rabhthas ag súil leis de bharr na comhairle?
3. Cé mhéad easpag a bhí i láthair?
4. An raibh an freastal ar an gcomhairle teoranta do Chaitlicigh? Cuir fáth le do fhreagra.
5. Luaigh athrú amháin a tharla san Eaglais Chaitliceach de bharr an dara Comhairle Vatacánach.

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cúnamh Marshall.
2. Alexander Solzhenitsyn.
3. Simone de Beauvoir.
4. An óige, cultúr an phobail agus na meáin chumarsáide.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Cén fáth ar theip ar Éirí Amach na hUngáire, 1956, sa deireadh?
2. Cad ba chúis le géarchéim na hola i 1973 agus cén tionchar a bhí aici ar an Eoraip?
3. Conas a chuir Jean Monnet agus/nó Jacques Delors le gluaiseachtaí i dtreo aontú na hEorpa?
4. Conas a chuaigh Mikhail Gorbachev i ngleic le fadhbanna polaitíochta agus eacnamaíochta sa Rúis Shóivéadach?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 5*

**Cúlú na hEorpa ó impireachtaí agus an toradh, 1945-1990**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo, tuairiscíonn an iris nuachta Mheiriceánach, *TIME* (25/7/1960), ón gCongó a bhí díreach i ndiaidh neamhspleáchas a bhaint amach. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Níl seans dá laghad go mbaileofar aon chánacha mar go gcreideann formhór na gCongólach gur ionann neamhspleáchas agus saoirse ó cháin.*

*Tá infheisteoirí ón iasacht tar éis tarraingt siar le teann faitís. Gach maidin seasann oibrithe Congólacha go dóchasach i líne taobh amuigh de dhoirse dúnta monarchana a bhfuil a gcuid úinéirí geala tar éis teitheadh.*

*An tseachtain seo caite, bhí stáisiún raidió Leopoldville imithe den aer ar feadh 48 uair an chloig mar gur shéid na Congólaigh neamhoilte na fiúsanna gach uair a chuir siad an chumhacht ar siúl.*

1. Cén fáth a mbeidh sé deacair cánacha a bhailiú?
2. Conas a chuaigh na himeachtaí i bhfeidhm ar infheisteoirí ón iasacht?
3. Conas a thaispeántar go bhfuil dífhostaíocht ann?
4. Cén fáth a raibh an stáisiún raidió imithe den aer ar feadh dhá lá?
5. Cén fáth ar chuir na Náisiúin Aontaithe trúpaí chuig an gCongó i 1960?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Charles de Gaulle.
2. Géarchéim Shuais, 1956.
3. Coinbhinsiúin Lomé.
4. Chinua Achebe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna seo a leanas:

1. Cén fáth ar aistarraing an Bhreatain ón India agus cén tionchar a bhí ag an ngníomh sin ar an India?
2. Conas a chuaigh David Ben-Gurion i ngleic le cúrsaí sa Phalaistín i ndiaidh 1948?
3. Cén pháirt a ghlac Achmad Sukarno agus/nó Ho Chi Minh i ngnóthaí a dtíre?
4. Cad iad na fadhbanna maidir le caidreamh idir chiníocha a tháinig chun cinn sa Fhrainc sna 1980idí agus conas a d'fhreagair an rialtas do na fadhbanna sin?

*An Eoraip agus an domhan mór: Topaic 6*

**Na Stáit Aontaithe agus an domhan, 1945-1989**

A (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Sa sliocht coimrithe seo óna chuimhní cinn, *A Reporter's Life* (1997), cuimhníonn an t-iarthuairisceoir Meiriceánach, Walter Cronkite, siar ar laethanta tosaigh thionscadal spáis na Stát Aontaithe. Léigh é agus freagair na ceisteanna ina dhiaidh**.**

*Bunaíodh láthair thástála Mheiriceá ag Rinn Canaveral ar chósta Florida, seascann iargúlta a bhí lán le nathracha.*

*De réir mar a d'fhás an láthair thástála, d'fhás na sráidbhailte mórthimpeall uirthi freisin nó go raibh siad cosúil le gach baile borrach dá raibh riamh ann – óstáin shaora, tithe tábhairne, tithe ógbhan, a gcuid earraí á bhfógairt i soilse gáifeacha neoin.*

*Bhí an áit lán le spiorad na móreachtraíochta. Fad agus a bhí an chuid eile den daonra ag dul i ngleic leis an iliomad fadhbanna – cearta sibhialta, feallmharú, Vítneam – bhí gach duine ag an Rinn ag féachaint in airde, in airde sna spéartha.*

Foinse: Walter Cronkite, *A Reporter's Life* (Nua-Eabhrac: Ballantine Books, 1997).

1. Cár bunaíodh an láthair thástála?
2. Cad iad na fadhbanna a raibh an chuid eile de dhaonra Mheiriceá gafa leo?
3. Luaigh bealach amháin ina raibh na sráidbhailte cosúil le bailte borracha.
4. Conas a thugtar le tuiscint go raibh spiorad an dóchais ag Rinn Canaveral?
5. Cén fáth ar ócáid thábhachtach í an tuirlingt ar an nGealach i 1969?

B (30 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 10 nóiméad*

Scríobh alt gearr ar cheann **amháin** díobh seo a leanas:

1. An chorparáid ilnáisiúnta, 1945-1968.
2. Marilyn Monroe.
3. Betty Friedan.
4. Ilchultúrachas sna Stáit Aontaithe.

C (40 marc)

*An tUasmhéid ama a mholtar: 15 nóiméad*

Freagair ceann **amháin** díobh seo a leanas:

1. Conas a reáchtáil an tUachtarán Harry Truman gnóthaí eachtracha idir 1945 agus 1953?
2. Conas a cuireadh baghcat bus Montgomery 1956 i bhfeidhm agus cé chomh rathúil agus a bhí sé?
3. Cén fáth ar theip ar an Uachtarán Lyndon Johnson aidhmeanna na Stát Aontaithe a bhaint amach i Vítneam, 1963-1968?
4. Cad a chuir Billy Graham agus/nó Muhammad Ali le saol Mheiriceá?

LEATHANACH BÁN

LEATHANACH BÁN